C/2023/476

25.10.2023

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11269 — TA ASSOCIATES / WARBURG PINCUS / EPASSI)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2023/476)

1. An 17 Deireadh Fómhair 2023 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— TA Associates Management, L.P. ('TA Associates', Na Stáit Aontaithe),

— Warburg Pincus LLC ('Warburg Pincus', na Stáit Aontaithe),

— Epassi Group Oy ('Epassi', an Fhionlainn).

Gheobhaidh TA Associates agus Warburg Pincus rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Gnólacht cothromais phríobháidigh domhanda is ea TA Associates atá dírithe ar earnálacha laistigh de réimsí na teicneolaíochta, cúraim sláinte, seirbhísí airgeadais, seirbhísí tomhaltóirí agus seirbhísí gnó i Meiriceá Thuaidh, san Eoraip agus san Áise,

— Is gnólacht cothromais phríobháidigh domhanda é Warburg Pincus. Tá a chuideachtaí punainne gníomhach in earnálacha éagsúla, lena n-áirítear fuinneamh, seirbhísí airgeadais, cúram sláinte, seirbhísí tionsclaíocha agus gnó, teicneolaíocht, na meáin agus teileachumarsáid,

— Soláthraíonn Epassi, a bhfuil a cheanncheathrú san Fhionlainn, réitigh íocaíochta soghluaiste san Fhionlainn, san tSualainn, san Iodáil agus sa Ríocht Aontaithe chun sochair agus seirbhísí eile a sholáthar go príomha, lena gceadaítear d'úsáideoirí na seirbhísí ábhartha a fháil, a rochtain agus a fhuascailt, amhail sochair bhéile, ballraíocht i seomraí aclaíochta, pasanna iompair phoiblí, cúram sláinte príobháideach, etc., laistigh d'aon aip amháin.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11269 — TA ASSOCIATES / WARBURG PINCUS / EPASSI

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles / Brussel
BELGIQUE / BELGIË